C/2025/3571

3.7.2025

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3571)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**‘Morcilla de Burgos’**

**PGI-ES-01282-AM01 — 4.4.2025**

1. **Ainm an táirge**

‘Morcilla de Burgos’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Instituto Tecnológico Agrario de Castilla y León [Institiúid Teicneolaíochta Talmhaíochta na Caistíle agus León] (ITACYL)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

*Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143*

Is ‘leasú caighdeánach’ é seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 24(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024, ós rud é nach bhfuil i gceist leis na hathruithe a dhéantar athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar a úsáid, nach bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Athruithe ar thoisí an táirge atá comhdhéanta as comhábhair áirithe*

Leasuithe ar an roinn ‘Tuairisc ar an táirge’ den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Coigeartaíodh toisí 'Morcilla de Burgos' a léirítear leis na comhábhair áirithe mar a leanas:

— oinniúin den chineál 'Horcal': ó 'Os cionn 35 %' go 'Os cionn 30 %';

— rís: ó '15 % go 30 %' go '10 % go 40 %';

— fuil: ó 'Os cionn 12 %' go 'Os cionn 9 %';

— blonag nó geir: ó '10 % go 22 %' go '10 % go 25 %'.

Chun céatadán na saille san oideas a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, saintréithe an táirge a oiriúnú do na foirmeacha cur i láthair a éilíonn an margadh, rinneadh an paraiméadar sin a choigeartú de bheagán, rud a fhágann nach mór coigeartú a dhéanamh ar na céatadáin a bhaineann leis na comhábhair eile san oideas. Ní athraíonn siad sin go substaintiúil, ná níl aon athrú ar na saintréithe orgánaileipteacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge i gceist leo.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Athrú ar thrastomhas, fad agus dath seachtrach an ispín fola*

Leasuithe ar an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Méadaíodh trastomhas uasta an ispín fola go 150 mm, toisc go bhfuil an chásáil nádúrtha, is é sin stéig muc, neamhrialta agus go bhfuil inathraitheacht shuntasach i gceist léi i dtéarmaí foirme agus trastomhais. Sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair, liostaítear trastomhas an táirge mar thrastomhas idir 30 mm agus 100 mm. Tháinig cuid mhór de na sonraí a fuarthas sa staidéar a rinneadh laistigh de na teorainneacha sin; mar sin féin, bhí trastomhas níos mó ná 140 mm ag roinnt gearrthacha den ispín fola. Leathnaíodh raon fhaid an ispín fola de bheagán freisin chun oiriúnú d'éileamh an mhargaidh. Maidir leis an bpointe sin, cruthaíodh nach bhfuil aon éifeacht ag méadú ar thrastomhas an táirge agus ag athruithe ar fhad an táirge ar shaintréithe eile an táirge mar a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Ar an gcaoi chéanna, níl a fhoirm neamhrialta ag teacht go maith leis an sainmhíniú ar shorcóir; ar an gcúis sin, baineadh an tuairisc sin den tsonraíocht táirge, a léitear anois mar a leanas:

Nuair a bhíonn 'Morcilla de Burgos' críochnaithe, bíonn cruth air a bhraitheann ar chruth na cásála nádúrtha nó na cásála saorga a úsáidtear, a bhíonn idir 30 mm agus 150 mm ar trastomhas agus idir 100 mm agus 400 mm ar fad.

Athraíodh an tuairisc ar shaintréithe seachtracha an táirge chun raon níos leithne dathanna seachtracha a áireamh ós rud é, i gcás ispíní fola atá curtha i gcásálacha nádúrtha, gur féidir leis an dath a bheith i bhfad níos éadroime, go dathanna éadroma neasbhána, scothbhuí agus/nó liath.

Bíonn a dhath seachtrach idir donn go donn dorcha, beagnach dubh, agus d'fhéadfadh dathanna éadroma neasbhána, scothbhuí agus/nó liath a bheith air. Ní bhíonn 'Morcilla de Burgos' scoilte, ní bhíonn aon stróiceadh sa chásáil nádúrtha ná sa chásáil shaorga, ná ní bhíonn aon mhúscán infheicthe ann. Bíonn an t-ispín teann agus dlúth faoi do lámh.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Athrú ar pH*

Leasuithe ar chuid (e) 'Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh' den roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Laghdaíodh íosteorainn an raoin pH cúpla deichiú ó 6 go 5,8. Is é is cúis leis an leasú sin an tionchar atá ag an gcineál oinniún 'Horcal' ar an luach sin. De réir na litríochta, tá comhghaol idir cion oinniún níos airde den chineál 'Horcal' i measc na gcomhábhar agus luachanna pH níos ísle; dá bhrí sin, bíonn pH níos ísle ag ispíní fola ina bhfuil cion níos airde oinniúin den chineál 'Horcal' i measc na gcomhábhar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh pH níos lú ná 6 a bheith ag ispíní fola a dhéantar le cion níos airde oinniún.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Athrú ar an gcion taise*

Leasuithe ar chuid (e) 'Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh' den roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Leasaíodh an raon cion taise atá ann faoi láthair mar atá 54-67 % trí na luachanna a shlánú go 50-70 %; braitheann siad sin den chuid is mó ar chéatadán an oinniúin san oideas, rud a d'fhéadfadh cion taise an táirge deiridh a mhéadú nó a laghdú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Athrú ar an gcion saille*

Leasuithe ar chuid (e) 'Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh' den roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Leasaíodh an céatadán saille i gcomhdhéanamh an táirge deiridh. Athraíodh é ó 15-25 % in ábhar tirim go 15-40 %. An fhoirm ina n-ionchorpraítear an tsaill sa táirge (saill leáite nó leadhbanna saille úire), inathraitheacht na neamhchinnteachta a bhaineann leis an modh anailíse i measc na saotharlann creidiúnaithe éagsúil agus an méadú beag ar chéatadán na saille san oideas (10-25 %), ciallaíonn siad nach mór raon céatadáin na saille sa táirge deiridh a bheith níos leithne ná an raon atá leagtha síos faoi láthair.

Fuarthas sa staidéar a rinneadh gur féidir le hispíní fola a dhéantar trí úsáid a bhaint as an oideas a leagtar amach faoi láthair sa tsonraíocht táirge (ina bhfuil cion saille idir 10 % agus 22 %) cion saille 15-40 % a bhaint amach (arna shloinneadh i dtéarmaí ábhar tirim). Ina theannta sin, tá méadú beag (3 %) ar shaill ón 22 % atá ann faoi láthair go 25 % fabhrach do chion saille sa táirge deiridh atá gar do 40 %, mar a mholtar san iarratas seo ar leasú. Deimhnítear sa staidéar atá i gceist freisin nach ndéantar difear do cháilíocht an táirge deiridh.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Athrú ar an méid iomlán siúcra agus an cion iomlán snáithíneach*

Leasuithe ar chuid (e) 'Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh' den roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

De thoradh an athraithe ar an gcion íosta oinniún ó 35 % go 30 %, laghdaíodh na luachanna íosta le haghaidh siúcra agus snáithín de bheagán. Tá údar leis sin toisc go bhfuil tionchar díreach ag an gcéatadán de 'Morcilla de Burgos' ina bhfuil oinniún ar iomlán na siúcraí agus ar iomlán na snáithíní cothaitheacha: dá ísle céatadán an oinniúin a úsáidtear, is ea is ísle an méid siúcra agus an cion snáithíneach sa táirge deiridh. Thairis sin, de réir na litríochta, laghdaíonn cáilíocht an oinniúin agus é i ngaireas cuisniúcháin stórála, a ngabhann laghdú ar an méid siúcra iomlán leis. Tugann sé sin cúis leis an méid siúcra a choigeartú síos, i bhfianaise an laghdaithe ar an méid siúcra a d'fhéadfadh tarlú le linn stórála i gcomparáid leis an méid siúcra ag tús gach séasúir oinniúin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Athrú ar an mbealach a gcuirtear an táirge i láthair*

Leasuithe ar chuid (e) 'Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh' den roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Tugadh an bealach ina gcuirtear an táirge i láthair cothrom le dáta tríd an tuairisc ar 'slisní' a bhaint chun an téacs a thabhairt i gcomhréir leis an téarmaíocht a úsáidtear de ghnáth le haghaidh an chineáil sin táirge agus chun an fhormáid 'sciartha' a choinneáil. Soiléiríodh an fhoclaíocht freisin maidir leis an oibleagáid an táirge a phacáistiú i sciartha agus maidir leis an bhféidearthacht an táirge a chur i láthair gan chásáil san fhormáid áirithe sin amháin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Athrú ar an modh táirgthe*

Leasú ar an roinn dar teideal 'Modh táirgthe' den tsonraíocht táirge agus ar Ranna 3.2, 3.3 agus 3.4 den doiciméad aonair.

— Amhábhair

Tugadh isteach na leasuithe seo a leanas maidir leis na hamhábhair a úsáidtear chun 'Morcilla de Burgos' a dhéanamh:

Rís

I bhforoinn (b), i dteannta na haicme 'Breise', áiríodh an aicme 'Primera' [Aicme I] a bheith inúsáidte chun an t-ispín fola a dhéanamh. Baineadh an frása tuairisciúil 'gearrghráinneach', ós rud é go sainítear na cineálacha údaraithe freisin mar 'gearrghráinneach', 'meánghráinneach' agus 'cruinnghráinneach'; thairis sin, tá a shaintréithe ar leith féin i ngach cineál.

Blonag nó geir

I bhforoinn (c), baineadh na focail '... faoi bhun 4 °C', ós rud é go bhfuil an uasteocht chuisnithe don amhábhar sin á rialú cheana féin ag na rialacháin sláinte atá ann cheana.

Cásálacha

Sa tsonraíocht táirge, cuireadh an focal 'cásáil nádúrtha nó cásáil shaorga' in ionad an fhocail 'cásáil' i ngach foroinn ina bhfuil sé.

Rinneadh an t-ainmniú 'cásáil' (*tripa*), a úsáideadh sa rialachán roimhe seo (Ordú an 7 Feabhra 1980) chun an chásáil nádúrtha agus an chásáil shaorga araon a chur in iúl, a oiriúnú don reachtaíocht atá i bhfeidhm (Foraithne Ríoga 474/2014 an 13 Meitheamh 2014), lena ndéantar idirdhealú idir an chásáil nádúrtha (*tripa natural*) agus an chásáil shaorga (*envoltura artificial*).

— 'Morcilla de Burgos' a dhéanamh

Athraíodh an uasteocht chócaireachta ó 90 °C go 85 °C.

D'fhéadfadh an chóireáil teasa a chuirtear i bhfeidhm a bheith éagsúil idir táirgeoirí éagsúla i dtéarmaí an mheascáin idir amanna agus teochtaí; tá sé inghlactha ó thaobh sláinte agus cáilíochta táirgí de cócaráil ag teocht beagán níos ísle agus an t-am cócaireachta a choigeartú dá réir sin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Athrú ar fhoclaíocht na roinne maidir le 'Lipéadú'*

Leasú ar an roinn 'Lipéadú' den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.6 den doiciméad aonair.

Cuireadh an ceanglas siombail TGFC an Aontais a chur leis an bhfoclaíocht is gá a chur ar an lipéad. Rinneadh foclaíocht na roinne sin níos soiléire.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Morcilla de Burgos'**

**Uimh. AE: PGI-ES-01282-AM01 — 4.4.2025**

**ATFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Morcilla de Burgos'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 – ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

1601 – Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, scairteach feola, fuil nó feithidí; ullmhóidí bia atá bunaithe ar na táirgí sin

— 16 – ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

1601 – Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, scairteach feola, fuil nó feithidí; ullmhóidí bia atá bunaithe ar na táirgí sin

1601 00 99 – Eile

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is táirge feola é 'Morcilla de Burgos' a fhaightear trí ispín a líonadh agus ansin é a chócaráil. Déantar as na comhábhair bhunúsacha seo a leanas é: oinniún den chineál 'Horcal', blonag nó geir, rís, fuil, spíosraí agus salann.

Is iad na comhábhair seo a leanas na coibhneasa seo a leanas de 'Morcilla de Burgos':

— oinniúin den chineál 'Horcal': Os cionn 30 %

— rís: idir 10 % agus 40 % - fuil: Os cionn 9 %

— blonag nó geir: idir 10 % agus 25 %

Nuair a bhíonn sé críochnaithe, bíonn na saintréithe moirfeolaíocha agus orgánaileipteacha seo a leanas in 'Morcilla de Burgos':

(a) Cruth agus cuma sheachtrach:

Nuair a bhíonn sé críochnaithe, bíonn cruth ar 'Morcilla de Burgos' a bhraitheann ar chruth na cásála nádúrtha nó na cásála saorga a úsáidtear, a bhíonn idir 30 mm agus 150 mm ar trastomhas agus a athraíonn idir 100 mm agus 400 mm ar fad. Bíonn na foircinn stápláilte nó ceangailte le snáithe; sa chás deireanach sin, fágtar dóthain snáithe chun é a chrochadh suas chun é a aeráil.

Bíonn a dhath seachtrach idir donn go donn dorcha, beagnach dubh, agus d'fhéadfadh dathanna éadroma neasbhána, scothbhuí agus/nó liath a bheith air. Ní bhíonn 'Morcilla de Burgos' scoilte, ní bhíonn aon stróiceadh sa chásáil nádúrtha ná sa chásáil shaorga, ná ní bhíonn aon mhúscán infheicthe ann. Bíonn an t-ispín teann agus dlúth faoi do lámh.

(b) Dath agus cuma nuair a ghearrtar é:

Nuair a ghearrtar é, is iad na gnéithe is mó de chuma an ispín ná cáithníní bána mar gheall ar rís a bheith ann, agus dáileadh cothrom na gcomhábhar. Ó am go ham, is féidir píosaí beaga blonaige a fheiceáil. Braitheann dath an cheanglóra ar éagsúlachtaí ceadaithe ina chomhdhéanamh, cé gur imireacha éagsúla donn é an bundath i ngach cás.

(c) Uigeacht:

Bíonn uigeacht ghrabhrógach sa bhéal ag an ispín, agus is furasta an oinniún agus slánghrán ríse a bhrath ann, rud nár cheart a bheith righin. Mothaíonn sé beagán sailleach.

(d) Dea-bholadh agus blas:

Ba cheart dea-bholaithe agus blasanna an oinniúin agus na spíosraí éagsúla a bheith inbhraite.

(e) Paraiméadair fhisiciceimiceacha an táirge deiridh:

— pH: 5,8–7

— Cion taise: 50–70 %

— Saill: idir 15 % agus 40 % in ábhar tirim;

— Iomlán na siúcraí: ≥ 2,7 % in ábhar tirim;

— Snáithín: ≥ 2,4 % in ábhar tirim;

— Cion salainn: 0,5–2 %

Féadfar 'Morcilla de Burgos' a chur i láthair lena dhíol ina iomláine nó i sciartha. Féadfar na sciartha a dhíol le cásáil nádúrtha nó cásáil shaorga nó gan chásáil nádúrtha nó cásáil shaorga, fad atá siad pacáistithe.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní shonraítear aon cheanglas.

An cineál oinniún 'Horcal' (*Allium cepa L*). Is cineál dúchasach oinniúin é sin a bhfuil na saintréithe seo a leanas ann: cruth sféarúil leacaithe, trastomhas 80 mm ar a laghad, meáchan níos mó ná 100 g, craiceann donn agus idir dath bán agus glasbhuí éadrom ar an mbia.

Bíonn an rís tirim, slánghráinneach, de chineálacha Seapánacha amhail 'Bahía' nó 'Bomba', baineann sí leis an aicme 'Breise nó "Primera" [Aicme I] agus stóráiltear i ndálaí sláinteachais í. Féadfar é a réamhchócaráil.

Bíonn blonag nó geir ann. Stóráiltear é reoite nó cuisnithe.

Fuil caorach, bó nó muice.

Salann (salann boird).

Spíosraí: Is é an piobar dubh an spíosra fíor-riachtanach. Tá sé roghnach paiprice, oragán, cuimín, clóibh, gairleog, cainéal, cearbhas, peirsil agus síol ainíse a úsáid. Coimeádtar iad sin, stóráilte go hiomchuí, i dtimpeallacht thirim go dtí go n-úsáidtear iad.

Cásáil nádúrtha nó cásáil shaorga. Glan, dea-chaomhnaithe agus i ndea-bhail.

— Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

Ní mór gach céim d'ullmhú agus de tháirgeadh "Morcilla de Burgos" a dhéanamh sa limistéar, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— an bhlonag nó an gheir agus an t-oinniún a ullmhú;

— na comhábhair a mheascadh;

— an chásáil nádúrtha nó shaorga a líonadh;

— cócaireacht agus aeráil na n-ispíní fola.

3.4. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an sliseadh i sciartha a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, toisc nach mór an roinnt a dhéanamh díreach roimh an bhfuarú ionas nach n-athraíonn cruth na ngearrthacha ispíní fola agus nach gcruthaítear sciartha neamh-aonfhoirmeacha.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Gach gearradh agus/nó pacáiste ina bhfuil "Morcilla de Burgos" a scaoiltear lena dtomhailt, ní mór séala ráthaíochta a bheith orthu ina mbeidh, ar a laghad, lógó an ainmniúcháin lena n-áirítear na téarmaí "Indicación Geográfica Protegida" [tásc geografach faoi chosaint] agus "Morcilla de Burgos", siombail an Aontais le haghaidh tásc geografach faoi chosaint agus an uimhir aitheantais. Ní mór an séala a ghreamú ar bhealach nach féidir é a athúsáid.

Seo a leanas lógó an táisc gheografaigh faoi chosaint “Morcilla de Burgos”:




4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an limistéar geografach sainithe cúige Burgos ina iomláine.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá cáil “Morcilla de Burgos” ar cheann de na píosaí fianaise do nasc idir an limistéar geografach agus an táirge.

Is beag faisnéis scríofa atá ann maidir le “Morcilla de Burgos”, ós rud é gur tharla marú muc agus táirgeadh “Morcilla de Burgos” ar feadh na gcéadta bliain sa teaghlach, agus cuireadh oidis éagsúla chun é a dhéanamh ar aghaidh ó ghlúin go glúin ó bhéal go béal. Ón dara leath den 20ú céad ar aghaidh, tháinig an chócaireacht réigiúnach ar ais, agus foilsíodh líon suntasach leabhar ar ghastranamaíocht inar luadh an méid sin agus bhí sé d’aidhm acu na seoda gastranómacha sin a athbheochan nó aird a tharraingt orthu.

Leis na céadta bliain, mharaítí muca in Burgos sa gheimhreadh. Ba thraidisiún teaghlaigh a bhíodh fréamhaithe go domhain é sin, a chleachtaí ar mhionscála. I measc na dtáirgí a d’fhaightí ó mharú na muc bhíodh feoil úr agus ispíní blasta, rud a chuidíodh leis an teaghlach iomlán a bheathú don chuid eile den bhliain. Bhí “Morcilla de Burgos” suntasach sa mhéid is gur ionchorpraíodh fuil, saill agus inní na muc ann.

Téann an chéad tagairt i scríbhinn do “Morcilla de Burgos” siar go dtí 1928, nuair a thagair tréidlia cáiliúil na Spáinne ó thús an 20ú céad, Cesáreo Sanz Egaña, do “ispín fola mionaithe a dhéantar i sráidbhailte [cúige] Burgos, a bhfuil cion ard oinniún mar shaintréith ann, chomh maith le rís, fuil, saill agus spíosraí amhail piobar, paiprice agus síol ainíse”. Léiríonn an fíoras gur luaigh Sanz Egaña an táirge sin i lámhleabhar teicniúil go raibh clú agus gradam, a bhí tuillte go maith, bainte amach ag an táirge cheana féin faoin am sin. Ceapadh “Morcilla de Burgos” roinnt ama tar éis do rís teacht chuig réigiún Burgos. Sa 15ú céad, mar gheall ar a shuíomh straitéiseach sa Spáinn, bhí Burgos ar cheann de na lárionaid trádála ba ghníomhaí, rud a d’éascaigh teacht na ríse ó Valencia. Creidtear gur cuireadh rís in “Morcilla de Burgos” mar fhreagairt ar an ngá a bhí ann táirgeadh a mhéadú, síneadh a chur lena sheilfré, agus é a dhéanamh níos teinne agus níos míne sa bhéal.

Is ag Cartlann Bhardasach Burgos atá an chéad iarratas ar údarú chun “Morcilla de Burgos” a dhíol, a théann siar go dtí 1908. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas sin ó na 1950í agus na 1960í ar aghaidh.

Is sa dara leath den 20ú céad, mar thoradh ar an bhfeabhas ar iompar earraí agus ar imirce mhór an daonra tuaithe chuig limistéir thionsclaíocha, gur thrasnaigh “Morcilla de Burgos” teorainneacha an chúige agus scaipeadh a cháil ar fud na Spáinne. Luadh “Morcilla de Burgos” níos minice, go háirithe i dtreoraithe turasóireachta agus i leabhair chócaireachta, rud a dheimhnigh é mar cheann de ghnáth-shainearraí an chúige. I measc na bhfoilseachán sin bhí:

— *Enciclopedia de la carne: producción, comercio, industria, higiene* [Ciclipéid feola: táirgeadh, tráchtáil, tionscal, sláinteachas]. Ed. EspasaCalpe. Maidrid. Sanz Egaña, C., 1948.

— *EL trasfondo antropológico de la cocina castellano-leonesa* [Cúlra antraipeolaíoch chócaireacht na Caistíle agus León]. Libro de Gastronomía de Castilla y León. An Aireacht Oideachais agus Chultúir, Rialtas Phobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León. Valladolid. Jiménez Lozano, 1987.

— *Embutidos (Alimentos de España)* [Ispíní leasaithe (Bianna na Spáinne)]. El País Aguilar. Maidrid. Arrate, B., 1992.

— *Cocina y gastronomía de Castilla y León* [Bia agus gastranamaíocht na Caistíle agus León]. Ediciones Pirámide. Maidrid. Fernández de Alperi, S.1995.

— *Libro práctico de la chacinería en casa* [Lámhleabhar praiticiúil chun ispíní a dhéanamh sa bhaile]. Ediciones Altosa. Maidrid. Díaz, R., 1999.

— *Cocina Burgalesa Actual. Cocineros, Restaurantes y Artistas de Burgos 2011-2012* [Cócaireacht Chomhaimseartha Burgos – cócairí, bialanna agus ceardaithe Burgos, 2011-2012]. Javier Cano Hernán. Revista Siburita, 2011.

Is fiú an méid a deir Díaz Yubero (1998) faoin táirge seo ina shaothar *Sabores de España* [Blasanna na Spáinne] a chur i dtábhacht:'... is ispín é an t-ispín fola atá simplí ach thar a bheith blasta. Is in Burgos, as fuil muc, a dhéantar na hispíní fola is fearr sa Spáinn'.

Tá baint stairiúil ag déanamh 'Morcilla de Burgos' le marú muc i gclós feirme. Sa 20ú céad, cuireadh tús le 'Morcilla de Burgos' a dhéanamh i gcistineacha agus monarchana tionsclaíocha trí mhodhanna traidisiúnta a úsáid agus oidis a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin a leanúint. Níor tháinig laghdú ar an gcáilíocht mar thoradh air sin; go deimhin, tharla a mhalairt, toisc gur cuireadh an táirge faoi réir seiceálacha glaineachta agus sláinteachais, lena n-áirithítear na dálaí is fearr dá thomhailt. A bhuí le meicniú an phróisis déanta ispíní, soláthraíonn seamlais údaraithe an fhuil.

Láimhseálann formhór na seamlas i gcúige Burgos roinnt cineálacha ainmhithe le marú éagsúla agus ní choimeádtar fuil na n-ainmhithe éagsúla astu féin, mar sin is féidir 'Morcilla de Burgos' a dhéanamh trí úsáid a bhaint as fuil muc, caorach nó bó agus cáilíocht deiridh an táirge á coimirciú ag an am céanna.

Léiríonn 'Morcilla de Burgos' cáilíochtaí sonracha lena ndéantar idirdhealú idir é agus ispíní fola a tháirgtear i gcodanna eile den Spáinn. Is mar thoradh ar úsáid an chineáil oinniún 'Horcal' na cáilíochtaí sin. De réir an traidisiúin bhéil a bhaineann le marú an ainmhí, a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin amháin go glúin eile agus a mhaireann i roinnt mhaith sráidbhailte fiú sa lá atá inniu ann, is é an t-oinniún is fearr chun an t-ispín fola a dhéanamh an cineál réigiúnach ar a dtugtar 'Horcal', dá dtagraítear mar *matancera* ('marfóir ainmhithe') nó *de matanza* ('den mharú') freisin mar gheall ar an dlúthbhaint atá aige leis an ngníomhaíocht sin, ós rud é go ndéantar é a bhuain san fhómhar agus ag tús an gheimhridh, rud a tharlaíonn i gcomhthráth leis an am maraithe. Fásadh an t-oinniún sin go traidisiúnta i ngleannta na bpríomhaibhneacha a thrasnaíonn cúige Burgos: Pisuerga, Arlanzón, Arlanza agus Duero, agus i limistéir níos iargúlta in abhantrach Ebro.

Thug José López y Camuñas (1854) agus Sanz Egaña (1948, 1949) tuairisc ar an gcineál oinniúin sin i ndáil le táirgeadh an ispín fola. De réir José López y Camuñas, údar iliomad leabhar oideas na linne sin, chun ispín fola a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na hoinniúin, 'déantar roinnt oinniúin mhilse Horcal a mhionghearradh, a chur ar phíosa línéadach éadrom agus a fhágáil thar oíche; go gairid sula ndéantar na hispíní fola, glac oinniún den éadach gan teagmháil a dhéanamh leis agus cuir in uisce é chun fiuchadh le roinnt salann, agus tar éis é a thógáil amach, fág é chun draenáil ar feadh tamaill'.

Úsáidtear an cineál oinniún sin in 'Morcilla de Burgos' toisc gur oinniún milis é atá éasca a mhionghearradh agus mar gheall ar an gcion ard snáithín agus uisce (beagnach 92 %) atá ann agus mar gheall ar a ardacmhainn coinneála uisce. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil dath bán air, níl an t-oinniún sin chomh feiceálach céanna sa táirge críochnaithe ná cineálacha oinniún eile.

Bíonn tionchar díreach ag coibhneas oinniún 'Horcal' in 'Morcilla de Burgos' ar thrí cinn de ghnéithe fisiciceimiceacha an táirge – pH, iomlán na siúcraí agus iomlán na snáithíní cothaitheacha – agus thairis sin bíonn tionchar aige ar líon agus ar dhéine na gcomhdhúl so-ghalaithe, go háirithe comhdhúile sulfair, atá ann, a thugann a dhea-bholadh agus a bhlas spíosrach ar leith dó, rud a fhágann gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus ispíní fola eile a dhéantar sa Spáinn le rís.'

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

http://www.itacyl.es/opencms_wf/opencms/informacion_al_ciudadano/calidad_alimentaria/4_condiciones_DOP/index.html